An Ginearál Seán Mac Mathúna

An Ginearál Seán Mac Mathúna

Rugadh an Ginearál Seán Mac Máthúna, ina mhac bhraicheadóra i Sráid Chorcaí, i mBaile átha Cliath in 1893. Bhí sé mar an té is sine de sheachtar páiste.

Chuaigh sé isteach sna hóglaigh nuair a bunaíodh iad i 1913 agus liostáladh é mar bhall den “B” Chomplacht, 3ú Cathlán, Briogáid Chathrach Bhaile átha Cliath.

I 1914 rinneadh 1ú Leifteanant as faoi Ó Rathaille agus fuair sé ardú céime go Captaen i 1915. Bhí ceanncheathrú an Chomplachta B, 3ú Cathlán bunaithe ag 144 Sráid an Phiarsaigh.

Le linn Sheachtain na Cásca 1916 throid sé mar Chaptaen de Chomplacht “B”, 3ú Cathlán, faoi Eamon de Valera i Muilte Uí Bheoláin.

I mBealtaine 1916 díbríodh é agus cuireadh i bpriosún é ar dtús i Wakefield agus ansin i Frongach agus faoi dheireadh i Wormwood Scrubs.

Nuair a d’fhill sé ar Bhaile átha Cliath chuaigh se chun oibre leis an nuachtán “Nationality”. Bhí baint aige leis na hóglaigh arís nuair a ceapadh é mar Leas-Cheannfort ar an 3ú Cathlán.

I 1919 ceapadh é mar Ard-Cheathrúnach óglaigh na héireann.

Bhí sé ina eagraí ar Chomplacht Q cáiliúil a bhí bunaithe ag Duganna Bhaile átha Cliath, a eagraíodh ina aonad faoi dheireadh i Márta 1921.

Ghlac sé páirt i roinnt comhrac le linn chogadh na nDúchrónach agus bhí sé i láthair le linn oíche an 13/14 Márta 1921 nuair a mairíodh a dheartháir céile, Leo Fitzgerald i luíochan i Sráid Mhór Brunswick.

Nuair a cruthaíodh an tArm Náisiúnta Rialta i mí Feabhra 1922 lean sé air mar Ard-Cheathrúnach.

I mí Meán Fómhair 1922 lean sé an Ginearál Ó Maolcatha mar Cheann Ardfhoirne.

Chuaigh sé ar scor i 1927, de dheasca drochshláinte agus cailleadh é i 1955.

Foireann Tionscadail
Dhroichead Mac Mathúna

- Innealtóir na Cathrach & Stiúrthóir Tráchta
  Michael Philips
- Leas-Innealtóir na Cathrach
  Kieran O’Sullivan
- Innealtóirí Comhairleacha
  Mott MacDonald Pettit
- Ionadaí na nInnealtóirí
  Pat Gorman
- Ailtíre Comhairleacha
  Paul Arnold
- Príomhchonraitheoir
  SIAC Construction
- Fo-Chonraitheoir
  Áirsí Cruach Dosmálta - Steele and Co.
- Soilsiú Sráide
  Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
  Rannán Soilsithe Poiblí
- Leagan amach Tráchta & Comharthaí Tráchta
  Oifig Tráchta agus Oifig Ghréasáin
  Bhusanna d’Ardcháilíocht (QBN) Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Gabhaimid buíochas leis an Dr. Mary Clarke Cartlannaí na Cathrach agus a foireann ag Leabharlann Shráid an Phiarsaigh agus le hUiscebhealaí Éireann.

Droichead Mac Mathúna - Bealtaine 2008.

CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Droichead Mac Mathúna



NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Department of Transport An Roinn Iompair

Dublin City Baile Átha Cliath

Is é Droichead Mac Mathúna 2007 an cuigiú droichead a tógadh thar Dhuga na Canálach Móire ag Sráid an Phiarsaigh/Bóthar na Rinne.
Léiríonn seantaifid gur tógadh droichead luascach adhmaid ag an láthair i 1791.
Tógadh an chéad droichead tógála (nó droichead luascach) mar chuid de thionscadal na Canálach Móire go luath sna 1790aí agus tugadh Droichead Luascach Brunswick air toisc gur cheangail sé Sráid Mhór Bruswick (Sráid an Phiarsaigh anois) leis an Rinn. D'oscail an Iarla Camden Báisín na Canálach Móire agus Droichead Luascach Brunswick ag an am chéanna in Aibreán 1796, agus de réir tuairiscí bhí thart ar 60,000 duine i láthair.
Cuireadh Droichead Victoria nua in áit Droichead Luascach Brunswick in 1857 (ainmnithe, seans, chun comóradh 20 bliain teacht i réim na Banríona Victoria in1837 a shonrú). Mhéadaigh líonra trambhealaigh Bhaile átha Cliath ó lár an 19ú aois go deireadh an chéid ach bhí an Rinn agus an chathair fós ceangailte ag Droichead Victoria tríd an gceangal is leochailí, b'shin droichead coisithe ag an áit ar chríochnaigh na tramanna. Bhí ar phaisnéirí dul amach as na tramanna agus siúl trasna ardáin tobchumtha chun a dtramanna ceangail a fháil go dtí nó ón chathair agus an Rinn, a dtithe agus a n-áiteanna fostaíochta.

Droichead Victoria 1857
(grianghraf le caoinchead Uiscebhealaí Éireann)

Tógadh droichead nua in áit Droichead Victoria leis an ainm céanna, a thóg Ross agus Walpole, An Port Thuaidh, Baile átha Cliath, ag tosú in 1900. Droichead sclóine miotail a bhí ann 45 troigh ar leithead, a cheadaigh do shoithigh chanála dul go sciobtha ó Bháisin na Canálach go Báisin na Rinne. Bhí tarbhealach trambhealaigh miotail nua ag an dara Droichead Victoria le ráillí dúbailte, a tógadh thar ceann an Dublin United Tramways Company, le dúthshraitheanna a leag an cuideachta tógalá as Baile átha Cliath H. and J. Martin. Faoi na 1950aí bhí an tarbhealach curtha as feidhm le dúnadh tramanna Bhaile Átha Cliath.

I Lúnasa 1960 cheadaigh an tAire Rialtais áitiúil an conradh do thógáil droichid nua den chineál luascach ar £57,000, ag Báisín na Canálach Móire, le tógáil ag an gcuideachta Gearmánach Machine-Fabrik. Ba é seo an ceathrú droichead ag an láthair seo, agus bhí sé ar insí ar thaobh amháin. Thug Córas Iompar éireann (C.I.E.) £17,500 den chostas agus tháinig an fuílleach ó Bhardas Bhaile átha Cliath. Osclaíodh an droichead ar an 1 Feabhra 1963. Athainmníodh é mar Droichead Mac Mathúna i gcuimhne ar an nGinearál Seán Mac Mathúna a throid le hEamon de Valera ag Muilte Uí Bheoláin agus a bhí mar Cheann Foirne ar Arm na héireann ina dhiaidh sin.

Eamon De Valera ag nochtadh na plaiceanna ar Droichead Mac Mathúna i 1963.

Roinn C.I.É. agus Comhairle Cathrach Bhaile átha Cliath (níos déanaí Uiscebhealaí éireann) úinéireacht agus oibríocht ar Dhroichead Mac Mathúna.

Cheadaigh réise oscailte Dhroichead Mac Mathúna do shoithigh ar mheánairde teacht isteach go Duga na Canálach Móire istigh. Le himeacht na mblianta tháinig meath ar líon na n-oibríochtaí oscailte mar a gheall ar laghdú ghluaiseachtaí tráchta ar aibhneacha agus stop sé ag oibriú ó dheireadh na 1970aí ar aghaidh.

I 1999 rinne Comhairle Cathrach Bhaile átha Cliath measúnú struchtúrach ar Dhroichead Mac Mathúna, a d'aimsigh dhá fhabht struchtúrach, agus cuireadh moladh i bhfeidhm an trácht ualaithe a laghdú go dhá lána.

Ina dhiaidh sin in 2005, ghlac Comhairle Cathrach Bhaile átha Cliath le rún, droichead nua-aimseartha le réise daingnithe agus le háirsí éilipseacha gloinechumhdaithe cruach dosmálta lasmuigh, a thógáil in áit Droichead Mac Mathúna.
Ceapadh Mott MacDonald Pettit, innealtóirí comhairleacha agus na hailtirí Paul Arnold Architects chun miondearadh a sholáthar agus cáipéisí a thairiscint i gcomhair na n-oibreacha nua don droichead.

Droichead Mac Mathúna i 2005

I 2006, tar éis an phróisis soláthair, ceapadh SIAC Construction mar phríomhchonraitheoirí. Tógadh amach an droichead ardaithe a bhí ann cheana féin i dtrí chéim ionas go leanfadh an sreabhadh tráchta ar an droichead. Mar chuid den phróiseas seo, cuireadh gach coisí i dtreo droichid choisithe shealadaigh agus láidríodh na cosáin starrmhaide a bhí ann cheana féin le trácht feithiclí a iompar. Tógadh an droichead nua daingnithe in dhá phríomhchéim ar dhúshraitheanna píle tollta taobh thiar de na tacaí a bhí ann cheana féin. Chun cuid de na dúshraitheanna a thógáil rinneadh soláthar mór ocht bhealach ESB a aitreorú ó íosbhealach faoin gcanáil go dtí cosán thuaidh an droichid nua. Coinníodh loingseoireacht canála ar siúl le linn tógála. Is é atá sa droichead nua ná struchtúr starrmhaide, thar Bhallaí Cé a bhí ann cheana féin, le fad iomlán cabhsa de 90 méadar, chun a bheith sách leathan do dhá lána tráchta agus dhá lána bus. Atógáladh an bóthar ó Ché na Canálach Móire go Muilinn Uí Bheoláin agus cuireadh gnáth - uasghráduithe seirbhísí san áireamh. Sholáthair Seirbhísí Soilsithe Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile átha Cliath soilsiú sráide nua. Tá an droichead sainithe ar a ingearchlónna seachtracha ag áirsí éilipseacha gloinechumhdaithe cruach dosmálta dea-chomhréirithe déanta agus curtha suas ag Steele and Co., Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman.

Críochnaíodh na hoibreacha don chuid is mó i Meán Fómhair 2007 ag costas iomlán tionscadail de €4 milliún. Sholáthair an Roinn Comhshaoil,Oidhreachta & Rialtais áitiúil/An Roinn Iompair, deontas de €2.5m, don tionscadal Plean Forbartha Náisiúnta seo. Cuireann an droichead 2007 leis an gceantar agus sásaíonn sé riachtanais tráchta nua-aimseartha ar bhóithre agus ar chanálacha.